



Údarás na
Gaeltachta


Ráiteas Deiridh Bliana 2022



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ráiteas Deiridh Bliana 2022

- **945** post nua cruthaithe sa nGaeltacht in 2022.
- Glanmhéadú de **151 post**.
- **8,235** post i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana.
- Ardú ar an leibhéal fostaíochta i 5 chontae Gaeltachta.
- **444** post nua ceadaithe ag bord Údarás na Gaeltachta.
- Níos mó ná **€1bn** de dhíolachán sa mbliain ag cliantchomhlachtaí an Údaráis.
- **€19.26m** i soláthar caipitil ceadaithe d'fhorbairt infreastruchtúr gnó na Gaeltachta.
- **24** Plean Teanga á bhfeidhmiú sna Limistéir Pleanála Teanga le buiséad **€3.2 milliún**.
- Maoiniú reáchtála de **€4.3m** curtha ar fáil do 33 eagrais forbartha pobail.
- gteic - **27** mol digiteach oscailte agus os cionn **430** duine ag obair iontu.



Naisc Tapaidh

Súil siar ar 2022	4
Dearcadh i dtreo 2023	6
Fostaíocht sa nGaeltacht	9
Tionchar Eacnamaíoch Gnóthaí Gaeltachta	10
Nuálaíocht sa nGaeltacht	11
Cur i bhfeidhm na bpleananna teanga in 2022	12
gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta	13
Turasóireacht	14
An earnáil forbartha pobail	15
Tograí Eorpacha	16
Oiliúint	17
Scéim Scoláireachta do Phrintísigh	18
Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta	18
Branda – Gaeltacht na hÉireann	18
Tascfhórsaí agus Fóraim	19
Ceangal lenár gcomharsana san Eoraip agus níos faide i gcéin	20
Fochuideachtaí / Cuideachtaí Straitéiseacha	21
Athbheithniú de réir Ceantair Ghaeltachta	23
– Gaeltacht na Gaillimhe	24
– Gaeltacht Mhaigh Eo	27
– Gaeltacht na Mí	29
– Gaeltacht Dhún na nGall	30
– Gaeltacht Chiarraí	34
– Gaeltacht Chorcaí	36
– Gaeltacht Phort Láirge	38





Súil siar ar 2022

Coinníodh an fhostaíocht Ghaeltachta ag leibhéal seasmhach in 2022, agus bhí fás suntasach i roinnt earnálacha tábhachtacha. 8,235 post a bhí i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2022, i gcomparáid le 8,084 in 2021. Cruthaíodh líon suntasach postanna in earnálacha na déantúsaíochta nideoige, na turasóireachta, agus na teanga agus léiríodh seasmhacht agus buanadas sa margadh fostaíochta Gaeltachta. Nuair a thógtar laghdú poist san áireamh, feictear glanmhéadú de 151 sa bhfostaíocht ina iomláine agus ardú ar an líon fostaíochta i bhformhór na gceantar Gaeltachta.

Tá figiúirí fostaíochta na bliana seo, 8,235, á dtuairisciú ag úsáid modheolaíocht atá molta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Faoin modheolaíocht seo, rangaítear an fhostaíocht de réir dhá chatagóir: poist lánaimseartha agus eile. Roimhe seo bhíodh an fhostaíocht á tuairisciú de réir fostaíocht lánaimseartha, pháirtaimseartha agus shéasúrach. Tá athshonrú déanta ar fhigiúirí fostaíochta 2021 ionas gur féidir comparáid chruinn a dhéanamh. Is 9,491 post a bheifí á dtuairisciú i gcliantchomhlachtaí an Údaráis don bhliain 2022 ar bhunús fostaíochta iomláine. Leanfar leis an obair atáthar á déanamh ar na bunachair sonraí agus ar na modheolaíochtaí atá in úsáid as seo go ceann bliana eile ar laghad.

Ó thaobh na réigiún de, bhí cúrsaí fostaíochta an-dearfach i gCiarraí, áit a raibh glanmhéadú de 83 post, méadú 13% i gcomparáid le 2021. Bhí an fhostaíocht láidir freisin i bPort Láirge agus i gContae na Mí, cé go bhfacthas titim bheag sa bhfostaíocht i gcontaetha na Gaillimhe agus Chorcaí.

Tar éis dheacrachtaí na paindéime Covid 19, bhí dúshlán eacnamaíochta le sárú ag comhlachtaí le linn 2022, go príomha i dtaobh ardaithe ar chostais, costais fuinnimh go háirithe, agus timpeallacht leochaileach trádála go hidirnáisiúnta de bharr corraíle geopholaitíochta. Is léir go mbeidh cuid de na dúshlán sin fós linn in 2023. Ach tá seasmhacht léirithe ag comhlachtaí Gaeltachta agus téarnamh áirithe feicthe sa bhfostaíocht, atá á thiomáint ag nuálaíocht na gcomhlachtaí.



Rinneadh buanú ar an bpróiseas pleanála teanga in 2022. Faoi dheireadh na bliana, bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú i 24 ceann as na 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus in dá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG). Beidh tús á chur le feidhmiú na bpleananna teanga sa dá Limistéar Pleanála Teanga eile, An tEachrán agus Bearna/ Cnoc na Cathrach, go luath in 2023. Tá infheistíocht iomlán bhliantúil de €3.2 milliún i gceist do chur i bhfeidhm na bpleananna teanga atá ceadaithe.

Le linn na bliana seoladh an togra Glúin Z dírithe ar aos óg na Gaeltachta, a bheas ina bhunchloch do straitéis an Údaráis i leith na hóige sna blianta amach romhainn. Neartaíodh an gréasán gteic arís eile in 2022 agus bhí os cionn 430 duine ag obair i 27 mol digiteach ag deireadh na bliana. Seoladh Straitéis Fiontraíocht Sóisialta na Gaeltachta, chomh maith le dhá scéim tacaíochta nua agus feachtas eolais i leith an fhiontair shóisialta, le go mbeadh eagraíochtaí agus coistí forbartha pobail ar an eolas faoina buntáistí a bhaineann le gnólachtaí den saghas seo dóibh féin agus dá bpobal.

Tháinig ardú substaintiúil ar an maoiniú do chomharchumainn agus d'eagraíochtaí forbartha pobail, rud a chuirfidh ar a gcumas pleananna uaimhianacha a chur chun cinn, i gcomhar leis an Údarás.





Dearcadh i dtreo 2023

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh leis an togra straitéiseach 'An Ghaeltacht Ghlas'. Tá forbairtí fótavoltacha curtha sa tsiúl i nGaoth Dobhair, ar an gCeathrú Rua agus ar ár bpáirceanna gnó. Cuirfear breis béime in 2023 ar thacaíochtaí do chliantchomhlachtaí Gaeltachta chun céimeanna a thógáil i leith chúrsaí fuinnimh in-athnuaite agus gníomhaíochtaí athraithe aeráide. Leanfar freisin ag tacú le Ros an Mhíl a fhorbairt mar láthair straitéiseach chun freastal ar earnáil an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Féachfar leis an ngréasán gteic a neartú agus cur leis na deiseanna ann d'fhiontraithe, do ghnóthaí agus do chian-oibrithe na Gaeltachta. Foilseofar Straitéis Mionfhiontraíochta go luath in 2023 chun tacú le gnóthaí beaga agus chun borradh a chur faoi bhunú comhlachtaí dúchasacha nuálacha, ag tógáil ar an méid a baineadh amach i réimse na Fiontraíochta Sóisialta in 2022.

Tabharfar tacaíocht d'earnáil na turasóireachta; leanfar le cur chun cinn tograí straitéiseacha infreastruchtúir turasóireachta, ina measc Coláiste Íosagáin, agus SOLAS (Áras Scéalta an Atlantaigh) agus leanfar freisin leis an Scéim Forbartha Turasóireachta, ar cuireadh bonn láidir faoi in 2022.

Beifear ag díriú go láidir ar thurasóireacht teanga le linn 2023 agus ar eispéiris trí Ghaeilge, agus forbairt ar na deiseanna atá ann do dhaoine teacht chun na Gaeltachta agus Gaeilge a fhoghlaim le linn dóibh a bheith ar saoire. Beidh roinnt pacáistí píolótacha á bhforbairt le linn 2023 chun an margadh a thástáil agus a thomhais. Beidh aitheantas ar leith á thabhairt freisin do líon teoranta ceantair tearcfhorbartha sa nGaeltacht agus beidh pleananna sainiúla á n-aontú agus á gcur i bhfeidhm iontu, chun an earnáil turasóireachta a chur chun cinn.

Cuirfear béim ar leith ag tús 2023 ar an óige agus féachfar, i gcomhar le páirtithe leasmhara Gaeltachta agus Gaeilge, le deiseanna a threisiú inár féidir le haos óg na Gaeltachta a bhféiniúlacht mar phobal teanga a chinntiú, ag tógáil ar an taighde a rinneadh in 2020 agus 2021 tríd an togra Glúin Z

Beidh céimeanna cinniúnacha á dtógáil sa réimse pleanála teanga i rith 2023. Anois agus pleananna á bhfeidhmiú i mbeagnach gach Limistéar Pleanála Teanga, beidh an tUdarás ag tacú leis an bpróiseas trí obair thaighde; tá muid i mbun taighde faoi láthair ar an mbealach is fearr le tacú le labhairt na Gaeilge inár gcuid cliantchomhlachtaí; tá obair thaighde ar bun freisin againn i leith na Gaeilge san earnáil miondíola agus fáilteachais, chomh maith le hanailís ar úsáid na Gaeilge i measc an aosa óig. Tá súil againn go gcuirfidh torthaí an taighde sin le cumas na n-oifigeach pleanála teanga aghaidh a thabhairt ar an obair atá ar bun acu sna pobail Ghaeltachta ar bhealach córasach, le breis saineolais agus muiníne.



Tomás Ó Síocháin

Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta:

Is léiriú é ráiteas dearfach deiridh bliana Údarás na Gaeltachta ar thoradh comhfhiontair fad-bhunaithe idir pobal na Gaeltachta, cliantchomhlachtaí móra agus beaga, lucht taighde agus léinn agus foireann agus Bord Údarás na Gaeltachta. Tá sé de phribhléid agamsa mar Phríomhfheidhmeannach nua-cheaptha fáilte a chur roimh fhoilsiú an ráitis seo, agus an t-aitheantas cuí a thabhairt do shaothair oibre fhoireann na linne seo agus iad siúd a chuaigh rompu.

Tá obair ath-rangaithe ar fhigiúirí fostaíochta ar bun, obair a chuirfidh an tÚdarás ar aon dul le háisíneachtaí eile stáit agus fáiltim, ainneoin sin, go bhfuil ardú ar fhigiúirí na bliana seo. Leanfaidh an obair theicniúil, thábhachtach sin ar aghaidh i gcaitheamh na bliana seo chugainn. Tá an gréasán gteiceanna ag fás leis, gréasán a bheidh á fhorbairt, i dtreo seirbhísí príobháideacha agus poiblí a sholáthar do phobal na Gaeltachta, forbairt a bheidh ar cheann na nuálaíochta go náisiúnta. Tá deis ansin ann na buaic-scéalta sin a insint do phobal níos leithne agus deiseanna nua forbartha agus comhoibrithe a fhorbairt don fhoireann agus don eagraíocht dá réir.

Tá obair leanúnach ar bun ar fhorbairt agus ar chothabháil áiseanna fiontraíochta, agus an obair fhorbartha trí chéile dírithe ar bhuanú agus daingniú na teanga mar theanga phobail sa Ghaeltacht. Sa chomhthéacs sin, is ábhar dóchais an dul chun cinn ó thaobh na pleanála teanga de, agus tuilleadh forbartha beartaithe arís i mbliana go sonrach don óige agus in earnálacha fiontraíochta ar leith.

Is obair leanúnach í an obair fhorbartha atá ar bun, agus ainneoin go bhfuil an baol ann go bhfuil géarú eacnamaíochta ar na bacáin, táim sásta agus mórtasach go bhfuil, agus go mbeidh, na bunchlocha cuí leagtha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin nuair is gá. Tá an timpeallacht thart orainn de shíor ag athrú, athrú aeráide, tionchar na teicneolaíochta agus athruithe eile nach iad ag cruthú dúshlán agus deiseanna araon do phobal na Gaeltachta agus don teanga a labhrann siad.






Anna Ní Ghallachair Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta:

Is cúis dóchais do Bhord Údarás na Gaeltachta na figiúirí fostaíochta seo. Is léir go bhfuil seasmhacht i bhfostaíocht na Gaeltachta, tráth a bhfuilimid ag tabhairt aghaidh ar thréimhse chorraitheach eacnamúil go hidirnáisiúnta.

Tá dul chun cinn le brath in earnálacha leighis agus innealtóireachta ina bhfuil poist ar ardchaighdeán ar fáil do phobal na Gaeltachta. Beidh an Bord ag leanúint leis an tacaíocht a thugtar do na hearnálacha sin agus earnálacha eile nach iad, a bhfuil féidearthachtaí láidre fostaíochta iontu don Ghaeltacht, ar nós earnáil na n-acmhainní nádúrtha.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh na pleanála teanga de agus formhór mór na bpleananna teanga á gcur i bhfeidhm anois sna Limistéir Phleanála Teanga. Is díol mórtais don Bhord dua agus díograis na nOifigeach Pleanála Teanga agus na nOifigeach Cúnta Pleanála Teanga agus iad i mbun a gcuid cúramái. Tá lorg dearfach a gcuid oibre le feiceáil ar fud na Gaeltachta. Tá súil ag Údarás na Gaeltachta go mbeidh an obair thaighde atá ar siúl againn ar úsáid na Gaeilge i measc spriocghrúpaí tábhachtacha: cliantchomhlachtaí, an earnáil fáilteachais agus miondíola, ina chuidiú agus ina thacaíocht dóibh in 2023 agus sna blianta ina dhiaidh sin.





Fostaíocht sa nGaeltacht

Thaispeáin comhlachtaí an Údaráis seasmhacht eacnamaíochta le linn 2022. Cruthaíodh 945 post nua agus tháinig glanmhéadú de 151 post ar an bhfostaíocht ina hiomláine i rith na bliana. 8,235 post a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh 2022, méadú ón 8,084 anuraidh. Chonacthas an méadú is mó sa bhfostaíocht i nGaeltacht Chiarraí.

Bhí an méadú ba mhó sa bhfostaíocht in earnálacha na hinnealtóireachta, seirbhísí agus acmhainní nádúrtha. Bhí titim sa bhfostaíocht san earnáil bia agus dí, san earnáil teicstíle agus sa déantúsaíocht thraidisiúnta. Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua a chruthóidh 444 post a mbeidh €30.4m in infheistíocht mheasta ón Stát agus infheistíocht ón earnáil phríobháideach i gceist leo sna blianta amach romhainn. Comhlachtaí sna hearnálacha táirgí sláinte, an bhia agus na dí, seirbhísí agus déantúsaíochta nideoige is mó atá luaite leis na poist nua seo.

Cheadaigh Bord an Údaráis infheistíocht Stáit de luach os cionn €7.1m i ndeontais fostaíochta, innealra, oiliúna agus clár oiliúna le linn 2022. Cheadaíodh suas le €19.26m i soláthar caipitil i rith na bliana d'athchóiriú agus forbairt infreastruchtúr gnó na Gaeltachta chun tacú le buanú fostaíochta agus tograí nua a fhorbairt.





Tionchar Eacnamaíoch Gnóthaí Gaeltachta

De réir thaighde ABSEI ar chliantchomhlachtaí an Údaráis a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu, meastar go raibh díolachán iomlán €1.04 billiún déanta in 2021, an chéad uair ar sháraigh comhlachtaí an Údaráis an tairseach de luach €1bn i ndíolachán. Léiríonn réamh-mheastachán an taighde do 2022 go bhféadfadh cliantchomhlachtaí an Údaráis an tairseach díolacháin €1bn a shárú arís in 2022, le luach €1.06bn de dhíolachán.

Díolachán easpórtála a bhí i gceist le €656 milliún nó 62% den díolachán iomlán a rinne comhlachtaí Gaeltachta (10+) in 2021. Is chuig an AE is mó a chuaigh earraí Gaeltachta le 21% (€216m) á easpórtáil ansin, cé go raibh fás suntasach ar mhargadh na Breataine, áit ar easpórtáladh luach €213m, nó 20% den iomlán. Bhí €148m (14%) d'earraí á n-onnmhairiú go Meiriceá Thuaidh.

Ceimiceáin/táirgí leighis €213m (20%), talmhaíocht/iascaireacht/mara €166m (16%) agus bia agus deoch €107m (10%) na hearnálacha easpórtála is mó luacha do chomhlachtaí Gaeltachta. Is fiú a lua go bhfuil an phróifíl comhlachtaí agus an réimse earnálacha thar a bheith leathan, rud a chuideoidh le seasmhacht na heacnamaíochta Gaeltachta agus muid ag tabhairt aghaidh ar thréimhse a d'fhéadfadh a bheith corraitheach go hidirnáisiúnta.





Nuálaíocht sa nGaeltacht

Tá tacaíocht á thabhairt do chliant chomhlachtaí cúrsaí nuálaíochta a threisiú sa nGaeltacht agus a bheith chun tosaigh acu orthu ina gcuid tograí. D'éirigh le trí chliantchomhlacht - FeelTect agus Advant Medical i nGaeltacht na Gaillimhe agus Somex Automation Teoranta i Múscraí - i gcomhpháirtíocht le páirtithe eile, sciar suas le €12m de Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a fháil do thograí ceannródaíocha.

An Phleanáil Teanga

Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú i 24 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) as na 26 Limistéar agus in dá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (BSG) agus infheistíocht iomlán de €3 milliún i gceist leo. Beidh tús á chur le feidhmiú na bpleananna teanga don Eachréidh agus Bearna/Cnoc na Cathrach go luath in 2023.

Ceadaíodh plean teanga Oileáin Árann agus cuireadh tús le feidhmiú an phlean sin, agus le pleananna teanga i gceithre LPT eile agus sa dá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Beidh fógra á dhéanamh maidir BSG Bhéal an Mhuirthead go luath. Ceadaíodh maoiniú breise de €20,000 le tacú le feidhmiú na bpleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá lonnaithe sa nGaeltacht, a fhágann go mbeidh soláthar de €100,000 ar fáil go bliantúil do na ceann-eagraíochtaí pleanála teanga atá ag feidhmiú pleananna sna bailte sin.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 29 duine, idir Oifigigh Pleanála Teanga agus Oifigigh Cúnta Pleanála Teanga, i mbun oibre sna Limistéir agus sna Bailte Seirbhíse sa nGaeltacht.



Cur i bhfeidhm na bpleananna teanga in 2022

Tá dlús suntasach curtha leis an obair sna pobail sa réimse pleanála teanga le bliain agus rath le feiceáil air. Tá feasacht, plé agus cumarsáid sa bpobal go rialta faoi thábhacht na teanga mar gheall ar thiomantas na nOifigeach Pleanála Teanga. Tá ag éirí leis na ceann-eagraíochtaí pleanála teanga agus leis na hOifigigh Pleanála Teanga dul i bhfeidhm ar spriocghrúpaí faoi leith agus iad a spreagadh i dtreo úsáid na Gaeilge. Tá glactha ag na hOifigigh Pleanála Teanga lena ndualgas go fuinniúil agus go samhlaíoch. Táthar ag cur le líon na n-imeachtaí agus na ngníomhaíochtaí Gaeilge-bhunaithe agus Gaeilge-lárnaithe atá ar fáil do na pobail ar fud na Gaeltachta.

Tá comhoibriú maith freisin idir na ceanneagraíochtaí pleanála teanga agus eagrais thábhachtacha eile atá ag gníomhú sa nGaeltacht, ar nós na n-eagras forbartha pobail, Ealaín na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Glór na nGael, Muintearas Teo, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tús Maith agus rí. Tá an próiseas pleanála teanga ag cur le feasacht teanga sa Ghaeltacht, tá tionchar dearfach á imirt ar úsáid agus ar fheiceálacht na Gaeilge, táthar ag dul i bhfeidhm ar dhaoine sa bpobal í a labhairt agus a úsáid níos minice, tá nuachaintoirí á mealladh agus á gcumasú, tá gníomhaíochtaí nua-aimseartha trí Ghaeilge á n-eagrú agus tá brú á chur ar eagraíochtaí stáit a chinntiú go mbeidh seirbhís ard chaighdeán trí Ghaeilge á fáil ag pobal na Gaeltachta.

In imeacht na bliana, bhí na hOifigigh Pleanála Teanga ag obair as láimh a chéile agus lena bpobail áitiúla féin chun tacaíochtaí a sholáthar do mhuintir na hÚcráine atá ag cur fúthu sa nGaeltacht. Rinneadh físeán a ullmhú, curtha i láthair ag cainteoir Gaeilge ón Úcráin, ag cur fáilte roimh mhuintir na hÚcráine agus á spreagadh le roinnt Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Eagraíodh ranganna Gaeilge dóibh sna ceantair a raibh éileamh orthu. Táthar ag plé le pobal na scoileanna Gaeltachta agus ag cur tacaíocht ar leith ar fáil do scoileanna atá ag iarraidh aitheantas mar Scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Aithníonn an tÚdarás go bhfuil dúshlán ann i gcónaí, ar nós na pleanála tithíochta sa nGaeltacht, na treochtaí atá sa saol oibre ó thaobh síorathrú poist, an dúshlán do ghnólachtaí le daoine a earcú, agus an brú leanúnach agus rialta ón mBéarla.

Ach tá go leor comharthaí dóchais againn - an treisiú atá déanta leis an reachtaíocht nua - Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, a bhfuil sé mar sprioc aige cur le líon agus caighdeán na seirbhísí trí Gaeilge a chuireann comhlachtaí Stáit ar fáil don phobal agus an sprioc go mbeidh 20% d'earcaigh chuig an tseirbhís phoiblí inniúil i nGaeilge faoin 31 Nollaig 2030; an líon poist atá á dhéanamh agus déanta ag Údarás na Gaeltachta ar le tamall anuas; seoladh an phlean digiteach don Ghaeilge; infheistíocht sa réimse pleanála teanga agus na hacmhainní breise ar an talamh dá bharr.

Leanfaidh an tÚdarás ag cur tacaíochtaí ar fáil don phróiseas pleanála teanga le linn 2023. Beifear ag díriú ar shaineolas, ar chomhairle agus ar mholtaí a chuir ar fáil do na ceanneagraíochtaí pleanála teanga, le cabhair ón taighde atá á dhéanamh ag Údarás na Gaeltachta ar úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge i measc spriocghrúpaí tábhachtacha - ár gcliantchomhlachtaí, an earnáil miondíola agus an t-aos óg.





gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an ngréasán gteic le linn 2022. Tá 27 mol digiteach ag feidhmiú anois i gcúig chontae Gaeltachta. Bhí os cionn 430 duine ag obair iontu ag deireadh na bliana, 34% níos mó ná mar a bhí ag deireadh 2021. Cuireadh cúrsaí oiliúna ar siúl do bhainisteoirí gteic agus tháinig an gréasán chun cinn go láidir mar áis fheiliúnach do chláracha oiliúna gnó: d'fhreastail os cionn 70 duine ar chúrsaí oiliúna/forbartha micrifhiontraíochta sna gteiceanna in 2022; beidh an gteic lárnach i seachadadh na gcláracha fiontraíochta sa bhFiontar Digiteach agus i bhFiontraíocht na mBan atá á reáchtáil i gcomhar le CREW agus CUMASÚ.

Bhí an gréasán ag tús cadhnaíochta freisin le linn an fheachtais Digitithe Pobail a reáchtáil an eagraíocht Digital First i mí na Samhna.





Turasóireacht

Bhí teacht aniar suntasach in earnáil na turasóireachta le linn 2022, an chéad bhliain le píosa nach raibh faoi scáth tréimhsí fada dianghlasála. Ach bhí dúshlán eile le sárú ag an tionscail i gceantair Ghaeltachta maraon le ceantair tuaithe eile, idir dheacrachtaí ag earcú foirne, ardú mór ar chostais, go háirithe costais fuinnimh, agus an úsáid a baineadh as an infreastruchtúr fáilteachais turasóireachta ar fud na Gaeltachta chun tacú leis an ngéarchéim teifeach ón Úcráin.

Ag tús 2022, fógraíodh an dara glaoch don scéim chun tacú le hoifigigh turasóireachta pobalbhunaithe a earcú, bunaithe ar an gclár píolótach a seoladh in 2018. Bhí an scéim seo dírithe ar thograí suntasacha pobalbhunaithe (Ionaid Cuartaíochta agus Gréasáin Turasóireachta) agus bhí tacaíocht de €30,000 sa mbliain ar fáil d'iarratais ó 12 togra rathúil chun Oifigeach Turasóireachta a fhostú ar feadh tréimhse suas go 2 bhliain. Tá an-rath ar an scéim agus tá 15 oifigeach fostaithe nó le hearcú i dtograí ar fud na Gaeltachta dá bharr. I Meán Fómhair 2022, bronnadh teastais FETAC leibhéal a hocht sa turasóireacht inbhuanaithe ar an gcéad chohórt do rannpháirtithe.

Síníodh Meamram Tuisceana idir Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Ireland chun gur féidir leis an dá eagraíocht dul i bpáirt le tograí straitéiseacha agus feachtais turasóireachta ar leith. Bhí ról lárnach ag an Údarás i gcur i bhfeidhm na bpleananna ceann scríbe de chuid Fáilte Ireland do Chuan Mó i Maigh Eo, Conamara & na hOileáin, agus An Daingean agus Cósta na Sceilge i Ciarraí. Beifear ag díriú ar thurasóireacht teanga le linn 2023 agus ar eispéiris trí Ghaeilge, agus forbairt ar na deiseanna atá ann do dhaoine teacht chun na Gaeltachta agus Gaeilge a fhoghlaim le linn dóibh a bheith ar saoire. Beidh pacáistí píolótacha á bhforbairt chun an margadh a thástáil agus a thomhais.

Beidh aitheantas ar leith á thabhairt freisin do líon teoranta ceantar tearcfhorbartha sa nGaeltacht agus beidh pleananna sainiúla á n-aontú agus á gcur i bhfeidhm iontu, chun an earnáil turasóireachta a chur chun cinn.



An earnáil forbartha pobail

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil na heagrais forbartha pobail rithábhachtach i dtaobh chumas an Údaráis a chuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach i gcomhar leis na pobail Ghaeltachta. Bhí ardú suntasach ar an maoiniú reáchtála a chuir Údarás na Gaeltachta i gcomhar leis an RTCEGS&M ar fáil do na heagraíochtaí forbartha pobail in 2022 - cuireadh €4.3m ar fáil do 33 eagrais, le cur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil agus ar thograí turasóireachta, ar phleanáil teanga, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar an ngréasán gteic, i measc tograí eile.

Seoladh Straitéis Fiontraíocht Shóisialta na Gaeltachta, chomh maith le dhá scéim tacaíochta nua agus feachtas eolais i leith an fhiontair shóisialta, le go mbeadh eagraíochtaí agus coistí forbartha pobail ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le gnóilachtaí den saghas seo dóibh féin agus dá bpobal.

Le linn na bliana a tháinig an chéad deis le 3 bliana le bainisteoirí agus ionadaithe na n-eagrais pobail a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin, ag seisiún ag ar seoladh Lámhleabhar Deachleachtais do Choistí Eagraíochtaí Forbartha, áis luachmhar do choistí na nEagraíochtaí Forbartha Pobail Gaeltachta.





Tograí Eorpacha

Tá Údarás na Gaeltachta páirteach i riar tograí Eorpacha ar mhaithe le forbairt earnálacha straitéiseacha sa nGaeltacht, ina measc fuinneamh in-athnuaite, an geilleagar gorm, turasóireacht agus cúrsaí teanga. Is fiú €3.5 milliún san iomlán na tograí seo don Ghaeltacht. Cuireann siad acmhainní breise ar fáil sa nGaeltacht chun cláir taighde a fheidhmiú, le scileanna agus cur chuigí oibre nua a fhorbairt agus tacú le nuálaíocht agus le haistriú eolais idir comhlachtaí agus lucht acadúil.

I rith 2022, lean na tograí INEVAL, SAFER, Access2Sea, SW-GROW agus EMPORIA4KT ag plé le tograí breisluacha mara agus leis an ngeilleagar gorm. Baineann na tograí RegEnergy, REACT agus SMEC le fuinneamh in-athnuaite.

Fuarthas maoiniú sé mhí do thogra ullmhúcháin BRAIN (Building Resilient and Innovative Networks among rural communities) agus SMEC (Sustainable Marine Energy Communities). De thairbhe iarratais a ullmhaíodh in 2021 agus 2022, aimsíodh maoiniú do thogra turasóireachta 3 bliana Glow 2.0 (Green Energy Technologies for Tourism Growth). Freisin, fuair an tÚdarás maoiniú ón gclár taighde Horizon Europe do thogra 3 bliana sa réimse forbartha pobail EmpowerUs (Socio-economic empowerment of coastal communities as users of the sea to ensure sustainable coastal development), agus maoiniú do thogra 3 bliana CODIL (COVID-Disrupted Regional Innovation Ecosystems) faoi Interreg Europe. Beidh CODIL ag féachaint ar pholasaithe nuálaíochta réigiúnacha is gá a fhorbairt de dheasca na paindéime.





Oiliúint

Bunaíodh scéimeanna nua oiliúna, a bhuíochas sin do chomhoibriú idir Údarás na Gaeltachta agus páirtithe eile; in 2022 seoladh clár nua CUMASÚ dírithe ar fhiontraíthe ban i nGaeltacht Mhaigh Eo agus na Gaillimhe, á chur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta, i gcomhpháirt leis an gclár EMPOWER, clár tacaíochta atá á reáchtáil ag Moil Nuálaíochta Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Tá Údarás na Gaeltachta agus CREW (Creative Enterprise West) i gcomhpháirt arís i mbliana le clár gorlainne, agus Teastas larchéime sa bhFiontraíocht Chruithaitheach agus Forbairt Fiontraíochta á thairiscint do lucht cruthaitheach na Gaeltachta. Tá an cháiliúocht chreidiúnaithe seo á reáchtáil ag CREW i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Leanadh le maoiniú an Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán atá á riaradh ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) i gcomhpháirt le Europus Teo. agus an Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán Digiteach le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) i gcomhar le Nemeton Teo.

Leanadh freisin le Scéim Oiliúna sna Meáin i gcomhpháirtíocht le TG4 in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Tá sé mar aidhm ag an scéim tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí léiriúcháin san earnáil neamhspleách scileanna agus cumas fhoireann an chomhlachta a fhorbairt. Cuireadh ciste maoinithe forbartha ar fáil le stiúrthóirí, léiritheoirí agus scríbhneoirí a mhealladh le hábhar gearrfhoirme a chruthú trí mheán na Gaeilge dar teideal Glúin Nua. Comhpháirtíocht é seo idir TG4, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann (ILBF), Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Údarás na Gaeltachta le tacaíocht ó Ghréasán na Meán. Faoi Scéim na gCéimithe sna Comhlachtaí, bíonn deis ag céimithe seal 2 bhliain a chaitheamh i gcomhlacht Gaeltachta le cur lena gcuid scileanna agus taithí a fháil in earnáil ar leith. Tá tús áite á thabhairt do na hearnálacha mara, seirbhísí forbartha teanga agus an aistriúcháin, déantúsaíochta nideoige agus an fhuinnimh in-athnuaite.

Lean Údarás na Gaeltachta le Clár na gComhlachtaí, an clár d'fhiontraíthe óga a fheidhmítear i scoileanna dara-leibhéal na Gaeltachta i gcomhar le Junior Achievement Ireland. Ghlac 750 dalta idirbhliana Gaeltachta páirt sa gclár, a bhfuil sé mar aidhm aige spiorad na fiontraíochta a chothú i measc an aosa óig. Rinne daltaí as Scoil Phobail Mhic Dara, Co. na Gaillimhe ionadaíocht ar son na hÉireann ag Comórtas Chomhlacht na Bliana Junior Achievement na hEorpa 2022 san Eastóin.





Scéim Scoláireachta do Phrintísigh

Chláraigh 25 printíseach don scéim scoláireachta do phrintísigh in 2022. Tá sé i gceist ag Údarás na Gaeltachta béim ar leith a chur in 2023 ar na deiseanna ag eascairt as printíseachtaí agus an réimse leathan printíseachtaí atá ar fáil, idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha. Beidh feachtas láidir eolais á reáchtáil againn do lucht fágála scoile, tá Aontáí Gairme le reáchtáil ar fud na Gaeltachta agus tá súil againn dá thairbhe seo, go mbeidh méadú suntasach ar an líon daoine a bhainfidh tairbhe as scoláireachtaí printíseachta an Údaráis in 2023.

Beagnach 1,000 fostaithe ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 979 rannpháirtí agus 47 saoiسته fostaithe i 48 scéim ar fud na Gaeltachta in 2022. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás agus maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta.

Branda – Gaeltacht na hÉireann

Tá an branda “Gaeltacht na hÉireann” in úsáid go forleathan ag gnóthaí, eagraíochtaí, limistéir pleanála teanga agus cumainn Ghaeltachta. Reáchtáladh cuimse feachtais phoiblíochta in 2022 faoi chaolach an bhranda agus é á cheangal le scoth na dtáirgí Gaeltachta, ar nós Ón nGaeltacht le Grá, Féirín ón nGaeltacht agus Blas na Gaeltachta. Tá sé i gceist in 2023 an branda a fhorbairt, mar chuid d’fheachtas margaíochta áite. Beidh sé mar aidhm aige féiniúlacht na Gaeltachta agus na dtáirgí Gaeltachta a cheangal le chéile ar bhealach níos dlúithe, agus sainiúlacht na Gaeltachta a shoiléiriú don phobal trí chéile, sa nGaeltacht, sa tír ina hiomláine agus thar saíle.



Tascfhórsaí Agus Fóraim

Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh: In 2022 a seoladh tuairisc eatramhach ar obair an Tascfhórsa 2020-2021. Tá fiosrúcháin athlonnaithe faighte ó 147 duine/teaghlach go dáta agus tá 13 teaghlach curtha fúthu sa gceantar go dáta le tacaíocht ón Tascfhórsa. Ceapadh Oifigeach Taighde agus fostaíodh comhairleoirí chun treoclár do thogra tithíochta inacmhainne a fhorbairt don cheantar. Tá tús á chur in 2023 le próiseas pleanála do phás 2 den Tascfhórsa.

Plean Gníomhaíochta 5 Bliana d'Iorras Aithneach: De bharr na paindéime cuireadh síneadh ama bliana le tréimhse feidhme Phlean Gníomhaíochta Iorras Aithneach go dtí deireadh 2024. Tá comhpháirtíocht mhaith idir na coistí áitiúla a chuimsíonn Coiste Comhairleach Monatóireachta an Phlean. Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Forbartha ach bhí an dul chun cinn níos moille ná mar ba mhaith linn, mar gur éirigh an tOifigeach Forbartha as a phost in 2022. Tá an post sin fógartha faoi láthair agus súil go mbeidh sé líonta go ríghairid.

Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí: Tháinig deireadh le tréimhse an Fhórait le linn 2022. Rinneadh dul chun cinn ar thogra gteic@Baile Ghib agus tá súil go mbeidh sé críochnaithe le linn 2023. Tá dearadh déanta agus tairiscintí eisithe d'fhorbairt gteic@Ráth Chairn. Tá pleananna uailmhianacha ag Comharchumann Ráth Chairn chun athnuachan riachtanach a dhéanamh ar Áras Pobail Ráth Chairn, chomh maith le hionad oidhreacht a fhorbairt. Tá siad ag fáil faoi réir le hiarratas maoinithe agus tacaíochta a réiteach.

Plean Gníomhaíochta 5 Bliana na Ceathrún Rua: Cuireadh tús le feidhmiú Phlean Gníomhaíochtaí na Ceathrún Rua 2022-2027, a bhfuil 55 moladh ann le ceantar na Ceathrún Rua a fhorbairt agus a neartú. Rinneadh dul chun cinn i réimsí na Teanga & Cultúr, na Turasóireachta, na Fiontraíochta, na nEalaíon agus Seirbhísí & Bonneagair. Tá Oifigeach Forbartha fostaithe le cuidiú le cur i bhfeidhm an phlean.

Diaspóra na Gaeltachta: Bhí fócas láidir ar an Diaspóra in 2022. Sheol Ionad Diaspóra na Gaeltachta, a bunaíodh i gcomhar le hIonad Cuimhneachán na nImirceach i gCarna, suíomh idirlín nua, ag cur lena gcumas nasc díreach a fhorbairt leis an Diaspóra Gaeltachta. Freisin, cuireadh sraith podchraoltaí ar fáil ar scéalta a bhain le diaspóra na Gaeltachta. In 2022, bhí Údarás na Gaeltachta i láthair ag an gcomhdháil idirnáisiúnta Golden Bridges i mBostún, an chéad uair le trí bliana a reáchtáladh an chomhdháil i bpearsa. I mBostún freisin, seoladh Cúinne Gaeltachta i leabharlann South Boston, le bailiúchán leabhar Gaeilge do dhaoine fásta agus do dhaoine óga. Tá Nuachtlitir mhíosúil ar-líne "Cairde na Gaeltachta" á foilsiú ag Údarás na Gaeltachta, go sonrach don phobal Gaeltachta thar lear. Tá sé beartaithe cur le seirbhísí eolais agus faisnéise, seirbhísí ginealais a fhorbairt in 2023, chomh maith le cláir oideachais agus oiliúna, taighde a dhéanamh ar ábhar a bhaineann le Diaspóra sna Gaeltachtaí éagsúla, comhdhálacha, ceardlanna agus seiminéir a eagrú do phobail agus do Diaspora na Gaeltachta.



Ceangal lenár gcomharsana san Eoraip agus níos faide i gcéin

Acadamh Samhraidh Thionól Réigiúin na hEorpa: Rinne an tÚdarás, i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall, óstáil ar Acadamh Samhraidh AER, an chomhdháil de chuid Thionól na Réigiún san Eoraip i mí Lúnasa 2022. Chruinnigh breis agus céad toscaire óige, polaiteoir, agus gníomhaí pobail as gach uile chearn den Eoraip le chéile i mbun díospóireachta faoin mbealach le todhchaí níos daonlathaí, níos síochánta agus níos inmharthana a chruthú, trí chur agus cúiteamh i measc daoine óga, ag tosú i réigiún na hEorpa.

Comhdháil MIT Nuálaithe faoi 35 san Eoraip: Tháinig cuid de na nuálaithe óga is mó le rá san Eoraip chuig an nGaeltacht i mí na Bealtaine d'Fhéile Nuálaithe Faoi 35 na hEorpa i nGaoth Dobhair, an chéad uair a reáchtáladh an fhéile seo in Éirinn. B'í Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT) a reáchtáil an ócáid i gcomhar le Aisling Events agus Údarás na Gaeltachta; roghnaigh eagarthóirí an MIT Technology Review 35 de shárnuálaithe na hEorpa faoi 35 bliain d'aois ó réimsí amhail an Intleacht Shaorga, Bith-theicneolaíocht, Bogearraí, Fuinneamh agus Ábhair. Le linn na féile reáchtáladh díospóireachtaí ar chúrsaí nuálaíochta agus cainteanna ar chúrsaí teicneolaíochta.

Ceangal leis an Áise: Reáchtáil Údarás na Gaeltachta comhdháil sna Forbacha mar chuid de sheachtain gnó Asia Matters, ar ar fhreastail Ambasadóir na hIndia. Rinneadh plé ar dheiseanna a bhain leis an earnáil ghorm agus an earnáil fuinnimh gaoth eischósta, agus an nasc a d'fhéadfaí a fhorbairt idir an Ghaeltacht agus an Áise sna réimsí sin.





Fochuideachtaí / Cuideachtaí Straitéiseacha

Ealaín na Gaeltachta: Lean Ealaín na Gaeltachta ag cur tacaíocht agus maoiniú ar fáil do chúrsaí ealaíon sa nGaeltacht trína cuid scéimeanna maoinithe éagsúla. Tacaíodh le 195 iarratas as buiséad sa mbreis ar mhilliún euro in 2022.

Tríd an Scéim Cothú rinne Ealaín na Gaeltachta maoiniú ar 6 thogra straitéiseacha Gaeltachta, cuireadh tacaíocht ar fáil do 20 féile ealaíon Gaeltachta agus cuireadh tacaíocht ar fáil do bhreis is 42 iarratasóir faoin Scéim Síol. Fuair 48 ealaíontóir tacaíocht tríd an Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí. Bronnadh maoiniú ar 13 togra straitéiseacha ilghnéitheacha ealaíon, idir fhís-ealaíon, litríocht, seónna stáitse agus tréimhsí cónaitheacha trí Scéim Forbartha na nEalaíon.

Leanadh le gníomhaíochtaí chlár Cuisle, atá á sholáthar le tacaíocht na RTCEGS&M, agus d'fhreastal 2,077 rannpháirtí ar ranganna sna ceantair Ghaeltachta. Rinneadh taighde ar chlár drámaíochta don óige, cuireadh tús le clár oiliúna do theagascóirí agus fógraíodh Scéim Tacaíochta don Amharclannaíocht Óige ag díriú ar an aoisghrúpa 12-18. Seoladh leagan beo de Dhath an Dóchais, taispeántas le 40 ealaíontóir Gaeltachta a rinne comóradh ar 40 bliain Údarás na Gaeltachta agus a dtacaíocht do na healaíona sa nGaeltacht, i nGailearaí Ghaoth Dobhair agus tugadh an taispeántas ar chamchuairt Gaeltachta chuig Béal an Mhuirthead, Inis Oírr, Corca Dhuibhne agus Baile Bhúirne.

Lean Ealaín na Gaeltachta lena gcomhpháirtíocht le heagrais idirnáisiúnta, macasamhail Centre Culturel Irlandais i bPáras chun tréimhse chónaitheach a chur ar fáil d'ealaíontóirí Gaeltachta agus leis na Comharsana Ceilteacha chun nascanna a chruthú le tíortha mionteangacha eile ar fud na hEorpa.

Cothaíodh nascanna le Comhairle Náisiúnta na nÓg, Hub na nÓg, Comhairle na Breataine na hÉireann, Fóram um Oileán Comhroinnte, Theatre Forum agus eagrais eile. Cuireadh ceardlanna airgeadais, cánach agus poiblíochta ar fáil d'ealaíontóirí aonair agus d'eagrais ealaíon. Rinneadh coimisiúnú ar dhá mhórshaothar ealaíne Gaeltachta le linn na bliana, dealbh den scríbhneoir iomráiteach Máirtín Ó Cadhain sa Spidéal, i gConamara agus Stucaí an Screabáin, ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair.

Plean Straitéiseach Ealaín na Gaeltachta: Tá deireadh ag teacht le tréimhse an Phlean Straitéisigh d'Fhorbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht 2018-2022. Rinneadh athbhreithniú ar thionchar na straitéise sin le linn 2022 agus rinneadh forbairt ar straitéis 2023-2027, obair a raibh próiseas comhairliúcháin phobail leathan lárnach ann.



Fochuideachtaí / Cuideachtaí Straitéiseacha

Muintearas: Is fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta é Muintearas Teo a chuireann tograí oiliúna, oideachais, óige agus luathoideachais chun cinn, agus a dhéanann riaradh ar Scéim na gCampaí Samhraidh agus ar Scéim na gCúntóirí Teanga thar ceann na RTCEGS&M

Le linn 2022, chuir Muintearas tús le seirbhís nua óige i nGaoth Dobhair, Ionad Buail Isteach, áit a bhfuil oifigeach óige fostaithe i dtogra a forbraíodh i gcomhar le Coiste Ionad Óige Ghaoth Dobhair agus le hÚdarás na Gaeltachta.


Tugadh freisin faoi fheidhmiú gteic@Ceantar na nOileán, spás cianoibre ina bhfuil béim ar leith maidir le cúrsaí oiliúna. Agus deireadh curtha le srianta ag eascairt as an bpaindéim Covid-19, tháinig ardú suntasach ar an ngníomhaíocht i réimsí Scéim na gCúntóirí Teanga agus Scéim na gCampaí Samhraidh le linn 2022.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta: Is comhlacht neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta chun seirbhís bhainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa nGaeltacht. Tá 223 duine fostaithe ar an iomlán ag an gcomhlacht faoi láthair - 212 duine fostaithe sna seirbhísí luathbhlianta agus tá 11 fostaithe sa gcomhlacht féin.


Le linn na scoilbhliana 2022/23 tá 1,878 páiste ag freastal ar 121 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, sin ardú 110 páiste agus seacht seirbhís bhreise ón mbliain roimhe



Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta



Cruthaíodh 278 post nua sna comhlachtaí seo in 2022.



Gaeltacht na Gaillimhe

Ag deireadh 2022, bhí 3222 post i gcliantchomhlachtaí i nGaeltacht na Gaillimhe a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Cruthaíodh 278 post nua sna comhlachtaí seo in 2022. Nuair a chuirtear an caillteanas postanna san áireamh, ba thitim 53 post a bhí ar an bhfostaíocht iomlán i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaillimh, tar éis bliain eisceachtúil cruthaithe fostaíochta in 2021. Bhain dúnadh roinnt mórchomhlachtaí ar chholmha thoir na Gaeltachta leis an titim seo ar an bhfostaíocht Gaeltachta.

Cruthaíodh formhór na bpost nua i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú san earnáil feistí leighis, eolaíochta agus innealtóireachta, ina measc Aran Biomedical, ÉireComposites agus Micron Clean. Lena chois sin bhí méadú fostaíochta i gcomhlachtaí déantúsaíochta nideoige chomh maith leis na hearnálacha seirbhísí pobail, oideachais agus teanga.

Tograí Nua: Ceadaiódh 243 post do Ghaeltacht na Gaillimhe le linn 2022. Is in earnálacha an bhia agus dí, biththeicneolaíochta, closamhairc, dobharshaothraithe, agus seirbhísí is mó a bheidh na poist á gcruthú iontu.

gteic- Gréasán Digiteach na Gaeltachta i nGaillimh: Tá ocht mol dhigiteacha gteic oscailte i nGaeltacht na Gaillimhe, gteic@An Cheathrú Rua, gteic@An Spidéal, gteic@Na Forbacha, gteic@Carna, gteic@Ceantar na nOileán, gteic@Inis Mór, gteic@Inis Meáin agus gteic@Corr na Móna. Tá suas le 200 spás oibre ar fáil ar fud na Gaillimhe anois agus cuireadh tús le Cláracha Oiliúna do na bainisteoirí gteic in 2022.

Pleanáil Teanga: Bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú in ocht gcinn as na deich Limistéar Pleanála Teanga atá aitheanta do Ghaeltacht na Gaillimhe ag deireadh 2022, agus maoiniú iomlán de €1.3m sa mbliain luaite leo. Ceadaiódh agus tosaíodh ag feidhmiú Phlean Teanga Oileáin Árann in 2022. I bhfianaise na ndúshlán tíreolaíochta atá roimh fheidhmiú an phlean, ceadaiódh allúntas de €300,000 in aghaidh na bliana don Limistéar Pleanála Teanga seo agus deimhníodh go mbeadh cead triúr Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú, ceann ar gach aon oileán.

Cuireadh tús le feidhmiú phlean teanga Oirthear Chathair na Gaillimhe. Tá an comhlacht An tEachréidh Teoranta le tabhairt faoi fheidhmiú an phlean teanga san Eachréidh agus tá an próiseas earcaíochta do phost an Oifigh Pleanála Teanga tosaithe. Tá coiste aththreisithe ag glacadh freagracht as feidhmiú phlean Limistéar Pleanála Teanga Bhearna/Chnoc na Cathrach, fóstú an Oifigh Phleanála Teanga san áireamh.



Reáchtáladh réimse leathan imeachtaí in imeacht na bliana; forbraíodh feachtais dírithe ar bhród áite agus bród teanga a chur chun cinn, soláthraíodh pacáistí eolais agus tacaíochta dírithe ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge; eagraíodh tograí oidhreachta agus cultúrtha bunaithe ar thraidisiúin cheantair faoi leith; agus socraíodh comhfhiontar idir LPT na Ceathrún Rua agus Cheantar na nOileán agus bunaíodh Raidió Scoile i Scoil Chuimsitheach Chiaráin mar thoradh air.

Bhí réimse forbairtí agus fógraí suntasacha déanta i nGaeltacht na Gaillimhe i rith na bliana:

Bealaigh Siúlóidí & Rothaíochta: Tá obair tosaithe ar bealach siúlóide agus rothaíochta Seanadh Mhach i gConamara, bealach 23.80km ar fhad feiliúnach do shiúlóirí, rothaithe & clainne agus súil é a bheith críochnaithe le linn 2023.

Beidh obair chothabhála a dhéanamh ar an ngréasán de lúibíní siúlóide atá anseo cheana fhéin agus beidh nasc a chruthú idir na lúibíní seo. Déanfar an obair seo i gcomhpháirt le geallsealbhóirí áitiúla, úinéirí talún, scéimeanna fostaíochta sóisialta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus na heagrais forbartha pobail.

Tograí Turasóireachta: Ceapadh Mirador Media chun pleananna míniúcháin a fhorbairt do thrí thogra straitéiseach turasóireachta i gCo. na Gaillimhe, Ionad Oidhreachta & Feamainn Leitir Mealláin, Ionad Cuairteoirí Árann agus Ionad na nImirceach i gCarna. I gcomhpháirtíocht le Comharchumann Dúiche Seoighe, cláraíodh iarratas chuig UNESCO chun stádas Geopáirc UNESCO a bhaint amach do cheantar Dúiche Seoighe i nGaillimh agus i Maigh Eo.





An Ghaeltacht Ghlas: Lean obair cheannródaíoch in Inis Mór, áit a bhfuil an togra Horizon 2022, REACT á fheidhmiú ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Comharchumann Fuinnimh Árann Teoranta. Tá sé mar chuspóir ag an bplean 4 bliana seo neamhspléachas fuinnimh oileánda a bhaint amach.

D'éirigh le hiarratas a rinneadh don gclár EU LIFE, comhpháirtíocht idir an tÚdarás, Comharchumann Fuinnimh Árann Teoranta agus páirtithe eile faoi stiúir Institiúid Teicneolaíochta an Atlantaigh. Tríd an togra LEAP (Local Energy Agencies for Peripheral Regions) beidh Comharchumann Fuinnimh Árann Teoranta ag earcú foirne chun biúró fuinnimh a bhunú do Ghaeltacht na Gaillimhe agus d'Oileáin Árann. Beidh an togra ag díriú ar uasghrádú agus ar chóiriú tithíochta chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

D'eagraigh Údarás na Gaeltachta comhdháil faoin gceannnteideal, 'Gaeltacht Ghlas', i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chuir painéal saineolaithe agus daoine atá ag obair i réimse na heacnamaíochta glaise an lucht freastail ar an eolas faoi na deiseanna suntasacha atá ag baint leis an Eacnamaíocht Ghlas do cheantair tuaithe na hÉireann, idir fhuinneamh in-athnuaite agus an bhith-eacnamaíocht, turasóireacht agus an fhiontraíocht shóisialta. Rinneadh dul chun cinn mór ar an togra don Lárionad Barr Feabhais Inbhunaithe Ísealcharbóin atá á fhorbairt i gCasla i bpáirt le Comhairle Ceantar na nOileán. D'aimsigh an Chomhairle Ceantar maoiniú de €110,000 don togra.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe: Cuireadh maoiniú de €1,167,350 ar fáil do 12 eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2022. Cuireann na comharchumainn agus eagraíochtaí pobalbhunaithe seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta: Bhí 375 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh 2022. 200 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 127 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe agus 48 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 18 saoi (16 ar SFP/SST + 2 TÚS).



745 post a bhí i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh 2022.

Gaeltacht Mhaigh Eo

Bhí bliain mhaith fostaíochta i nGaeltacht Mhaigh Eo agus cruthaíodh 111 post nua ann in 2022 – nuair a chuirtear an titim fostaíochta san áireamh, sin glanmhéadú de 44 post ar an mbliain roimhe sin. 745 post a bhí i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh 2022.

Is sna hearnálacha seirbhísí, bia agus teicstíle is mó a cruthaíodh poist in 2022, i gcomhlachtaí ar nós Mhileogra & Bhacús Uí Dhonnchadha, Aran Woollen Mills agus IPSOS atá lonnaithe i ngeic Bhéal an Mhuirthead agus i gteic Acla ba mhó a bhí fostaíocht nua. Tá cuma dhearfach ar chúrsaí fostaíochta do 2023; cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tograí nua ina mbeidh 58 post ag teacht chun cinn i nGaeltacht Mhaigh Eo, le hinfheistíocht iomlán os cionn €976,729 beartaithe do na tograí seo nuair a bheidh siad faoi lán seoil.

gteic– Gréasán Digiteach na Gaeltachta i Maigh Eo: Tá ceithre gteic (Acaill, Béal an Mhuirthead, An Corrán Buí agus Eachléim) ag feidhmiú i Maigh Eo le hos cionn 170 spás oibre. Is garr go mbeidh gteic@Gaoth Sáile réidh le hoscailt. Cuireadh tús le hobair dhearadh ar Phás 4 de gteic Bhéal an Mhuirthead de bharr go bhfuil easpa spáis ann agus oiread éilimh air. Cuireadh tús le togra píolótach ar Dhigitiú Pobail i gteic Bhéal an Mhuirthead, le cúnamh ó Connected Hubs agus Digital HQ; roghnaíodh gteic Bhéal an Mhuirthead mar cheann de na hionaid eiseamláracha don togra don lá náisiúnta feachtasaíochta “Lá Digiteach ar dTús” i mí na Samhna.

Pleanáil Teanga: Tá dhá Limistéar Pleanála Teanga agus Baile Seirbhíse Gaeltachta sainaitheanta do nGaeltacht Mhaigh Eo. Cuireadh tús le feidhmiú an phlean teanga i Maigh Eo Thiar in 2022. Tá coiste láidir áitiúil tar éis suim a léiriú i stádas a bhaint amach mar cheanneagraíocht le tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Bhéal an Mhuirthead. Bhí riar imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl sa dá Limistéir dírithe ar thuismitheoirí, ar an óige, ar phobal scoile agus orthu siúd atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim agus a fheabhsú. Tá infheistíocht de €200,000 sa bhliain ceangailte leis an dá phlean teanga atá ceadaithe agus ag feidhmiú. Tá ceantar Thuar Mhic Éadaigh sainaitheanta le Limistéar Pleanála Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh agus déanann Comharchumann Forbartha Dhúiche Sheoigheach Teo spriocanna agus bearta an phlean teanga a fheidhmiú sa gceantar sin.



Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus na bhfógraí suntasacha déanta i nGaeltacht Mhaigh Eo i rith na bliana:

Solas (Áras Scéalta an Atlantaigh): Cuireadh tús leis an obair thógála ar an togra €3.6 milliún seo in 2022 agus tá os cionn 60% de críochnaithe. Déanadh obair mhór ar an mbrandáil agus roghnaíodh SOLAS mar ainmhranda nua. Tá obair go leor déanta freisin ar na téamaí a bhaineann leis an léirmhíniúchán agus bunaíodh an chéad dá shiúlóid timpeall ar cheantar an Fhóid Dhuibh. Ceadaiódh maoiniú (faoi Scéim ORIS) chun taighde teicniúil a dhéanamh ar Shlí Iorrais, cosán 44km cois cósta ó Ceann Iorrais go dtí an Fód Dubh. Bhí an Teach Solais ar an bhFód Dubh oscailte il rith an tséasúir arís i mbliana.

Geopháirc – Ceantar Dhúiche Sheoigheach: I gcomhpháirtíocht le Comharchumann Dhúiche Sheoigheach, cláraíodh iarratas chuig UNESCO chun stádas Gheopáirc UNESCO a bhaint amach do cheantar Dhúiche Sheoigheach i nGaillimh agus i Maigh Eo.

Turasóireacht Iorrais: Tá méadú mór tagtha ar an líon cuairteoirí atá ag teacht chuig Galf Chúrsa an Chairn le cúpla bliain anuas de thoradh Clár Taighde agus Forbartha a chuir siad i bhfeidhm dírithe ar mhargaíocht dhigiteach agus páirtnéireachtaí idirnáisiúnta a fhorbairt. Tháinig os cionn 12,000 cuairteoir chuig an gcúrsa i mbliana (méadaithe ó c. 3,000 in 2017).

Clár Sláinte Agus Folláine: Tá an tÚdarás ar cheann de na hEagraíochtaí Comhpháirtíochta i dtogra píolótach Sláinte agus Folláine de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gceantar Iorrais agus Acla.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe: Cuireadh maoiniú iomlán de €338,500 ar fáil do cheithre eagraíocht faoi gClár Forbartha Pobail in 2022 a chuir clár oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann na comharchumainn agus na heagraíochtaí pobalbhunaithe seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann siad comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann siad seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta: Bhí 241 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh 2022. Bhí 48 duine ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 151 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe agus 42 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á mbainistiú ag 11 saoi.



213

213 post a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana. Ceadaíodh 14 phost do Ghaeltacht na Mí le linn 2022.



Gaeltacht na Mí

Tháinig méadú de 42 post ar an bhfostaíocht i nGaeltacht na Mí le linn 2022. Nuair a chuirtear laghdú poist san áireamh, ba glanmhéadú de 15 phost ina iomláine a bhí ann. Bhí cruthú suntasach fostaíochta in earnálacha na hathchúrsála, na déantúsaíochta agus na teanga. 213 post a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana. Ceadaíodh 14 phost do Ghaeltacht na Mí le linn 2022.

Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí: Tháinig tréimhse Fhóram Fiontraíochta na Mí chun críche in 2022. Tá dul chun cinn déanta ar gteic a fhorbairt i mBaile Ghib agus i Ráth Chairn agus tá pleananna uailmhianacha ag Comharchumann Ráth Chairn chun athnuachan riachtanach a dhéanamh ar Áras Pobail Ráth Chairn, chomh maith le hionad oidhreacht a fhorbairt. Tá obair mhór déanta ag an gComharchumann chun dréacht den dearadh agus a bhfís don bhfoirgneamh a leagan amach agus iad á n-ullmhú féin le hiarratas maoinithe agus tacaíochta a réiteach.

gteic- Gréasán Digiteach na Gaeltachta: Tá láthair aimsithe i Ráth Chairn do gteic, tairiscintí eisithe don obair tógála agus súil tabhairt faoi in 2023. Ceadaíodh soláthar caipitil do gteic@Baile Ghib i rith 2021 chun mol digiteach cheithre dheasc a fhorbairt agus tá súil go mbeidh an obair críochnaithe le linn 2023.

Pleanáil Teanga: Leanadh ar aghaidh le feidhmiú phlean teanga LPT Ráth Chairn agus Bhaile Ghib. Is iad Comharchumann Ráth Chairn Teo. An cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga a fheidhmiú sa Limistéar.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí

Pobalbhunaithe: Cuireadh maoiniú iomlán de €98,000 ar fáil d'eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail in 2022.



2426 post a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh 2022.


Gaeltacht Dhún na nGall

2426 post a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh 2022. Cruthaíodh 317 post nua agus nuair a chuirtear caillteanas post san áireamh, is glanmhéadú 57 post a bhí i gceist. Ceadaíodh 88 post do Dhún na nGall le linn 2022 a bheidh ag teacht ar an bhfód amach anseo.

gteic-Gréasán Digiteach na Gaeltachta i nDún na nGall: Rinneadh oscailt oifigiúil ar cheithre gteic i gcaitheamh na bliana 2022: gteic@an Tearmann, gteic@GaothDobhair, gteic@NaRosa agus gteic@Carraig Airt. Rinneadh forbairt ar gteic@Baile na Finne agus táthar ag súil go mbeidh an fhorbairt seo críochnaithe in 2023. Tá an obair thógála ar gteic na Málainne Bige atá á fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall agus leis an bpobal áitiúil, á críochnú. Táthar ag súil go gcuirfear tús le forbairt gteic Thoraí in 2023, forbairt atá á maoiniú ag Clár LEADER le cómhaoiniú caipitil ón Údarás agus ó Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Pleanáil Teanga: Faoi dheireadh 2022, bhí pleananna teanga á bhfeidhmiú sna hocht Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht Dhún na nGall, le hinfheistíocht iomlán de €850,000. Bhí seisear Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta amháin fostaithe iontu. Seoladh agus cuireadh tús le feidhmiú phlean teanga Bhaile Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin Léith agus pleananna teanga Limistéar Pleanála Teanga na Gaeltachta Láir agus Thoraí. D'eagraigh na hOifigigh Pleanála Teanga réimse leathan gníomhaíochtaí dírithe ar chur cinn na Gaeilge ina Limistéir, dírithe ar spriocghrúpaí faoi leith ar nós tuismitheoirí agus teaghlach, daoine a bhí ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú, na hóige, lucht gnó agus pobail scoile. Eagraíodh imeachtaí agus ceardlanna i réimsí na healaíne, an spóirt, na teicneolaíochta, an dúlra agus na drámaíochta.

Tugadh faoi thograí feasachta ar nós Ghaeilgeoir na Seachtaine, spreagadh lucht gnó le hiarratais a dhéanamh faoi scéim aitheantais Ghradaim Ghlór na nGael agus cuireadh tacaíocht ar fáil do scoileanna atá ag iarraidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Bunaíodh fóram réigiúnach d'Oifigigh Pleanála Teanga Thír Chonaill le deis a thabhairt dóibh teacht le chéile go rialta, agus tograí comhoibrithe a phlé agus a phleanáil.





An Gaeltacht Ghlas - Togra Fótvoltach Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair:

Ceadaíodh iarratas ar chead pleanála le haghaidh feirm ghréine 5W a fhorbairt le linn 2022. Is togra pobail é seo, atá á fhorbairt ar bhonn páirtnéireachta i gcomhar le sé eagraíocht pobail i bparóiste Ghaoth Dobhair. Tá forbairt an fhuinnimh in-athnuaite lárnach do Straitéis Údarás na Gaeltachta 2021-2025. Cuirfidh an fhorbairt go mór le heacnamaíocht an phobail áitiúil, beidh sí ina foinse ioncaim don earnáil forbartha pobail sa gceantar, laghdóidh sí an lorg carbóin, agus cuideoidh sí Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair a dhéanamh neamhspleách agus inmharthana ó thaobh fuinnimh de.

Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus na bhfógraí suntasacha déanta i nGaeltacht Dhún na nGall i rith na bliana:

Clár LEADER: Bhí riaradh agus feidhmiú an Chláir idir-thréimhse LEADER (2021-2022) i nGaeltacht Dhún na nGall, seachas na hoileáin amach ón gcósta, faoi chúram an Údaráis. Ceadaíodh ocht dtogra LEADER faoin chlár in 2022 le deontas €375,802 (ar infheistíocht iomlán €523,820)

Oscailt Dhrioglann agus Ionad Cuairteoirí Chroithlí: Rinne an tAire Stáit Gaeltachta agus Spóirt, Jack Chambers TD, oscailt oifigiúil ar Dhrioglann Chroithlí, a bhfuil sé mar aidhm aige bheith ar cheann de phríomháiseanna turasóireachta an cheantair. Luíonn an togra le spriocanna Údarás na Gaeltachta ina Straitéis 2021-2025, idir an bhéim ar chothú agus ar chur chun cinn na fiontraíochta agus an tacaíocht atáthar ag tabhairt do ghnólachtaí straitéiseacha turasóireachta sa Gaeltacht, a leagann béim ar scéal saineúil na gceantar Gaeltachta.

Scéal na Fíodóireachta: Cuireadh tús le tionscnamh le stair na fíodóireachta agus teicstíle in Iardheisceart Thír Chonaill a chur le chéile i bhfoirm leabhráin agus taispeántais. Cuireadh an chéad chuid den tionscnamh i gcrích i mbliana, luathstair na fíodóireachta sa cheantar. Beifear ag tabhairt faoin gcéad ghné eile den tionscnamh seo in 2023.

Stucaí an Screabáin: Chuaigh Údarás na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta & Comhairle Contae Dhún na nGall, i bpáirtíocht le chéile, faoin Scéim Chéatadán do na hEalaíona, le coimisiúnú a dhéanamh ar phíosa ealaíne poiblí do Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Déanann an saothar seo ceiliúradh ar phobal Gaeltacht an Iarthuaiscirt agus go háirithe a gcuid gnásanna oibre san am a chuaigh thart agus sa lá atá inniu ann.





Cuairt Ambasadóir Stát Aontaithe Mheiriceá: Thug Ambasadóir Stáit Aontaithe Mheiriceá, Claire Cronin, cuairt ar gteic@Gaoth Dobhair sa mBealtaine. Rinneadh cur láthair don Ambasadóir faoi chúlra theanga na Gaeilge agus cúrsaí pleanála teanga. Rinneadh cur síos freisin ar fhorbairtí gteic sa Ghaeltacht agus reachtáladh ócáid líonraithe agus malartaithe smaointe ina dhiaidh seo.

Mairéad Ní Mhaonaigh Insealbhaithe ina hEalaíontóir Cónaithe i gteic@Gaoth Dobhair: Ceapadh an ceoltóir iomráiteach Mairéad Ní Mhaonaigh ina hEalaíontóir Cónaithe i gteic@Gaoth Dobhair in 2022. Is deis faoi leith a bheidh anseo ceol traidisiúnta ársa na hÉireann a bheith le cloisteáil i dtimpeallacht fiontraíochta gteic@Gaoth Dobhair ar Pháirc Ghnó Gaoth Dobhair.

Mol Bitheacnamaíochta: Tá LAN CTR, i gcomhar leis an Údarás agus páirtnéirí eile (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Gaillimhe agus Teagasc) ag obair ar phlean le Mol Bitheacnamaíochta a fhorbairt i gCill Ulta. Ceadaiodh deontas €196,119 don Údarás ag tús 2022 chun pleananna a fhorbairt do Mhol Bitheacnamaíochta an lathuaiscirt agus leis an tionscadal a thabhairt go dtí staid go bhféadfaí iarratas a dhéanamh do mhaoiniú faoi Chatagóir 1 den Chiste in 2023. Tá sé i gceist go gcuirfí áiseanna d'ardchaighdeán ar fáil agus go gcruthófaí deiseanna fostaíochta inmharthana in earnálacha na bitheacnamaíochta. San áireamh, beidh aonaid fiontraíochta, deascanna sealaíochta, áiseanna oideachais agus cruinnithe agus déanfar áisitheoireacht ar chonair bhitheacnamaíochta agus idirghníomhaíocht trasteorann.





Ionad Óige Ghaoth Dobhair: Rinneadh forbairt ar Ionad Óige ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair le linn 2022. Is é Muintearas Teo. a bhfuil seirbhísí á soláthar aige ar fud na Gaeltachta atá i mbun an togra seo i gcomhar le Coiste Ionad Óige Ghaoth Dobhair. Ceapadh Oifigeach Óige ar chonradh bliana leis an togra a reáchtáil ar bhonn píolótach agus cuireadh tús leis an tseirbhís i mí Aibreán 2022. Táthar ag súil go leanfar leis an tseirbhís tar éis na tréimhse píolótaí ach maoiniú cuí a dheimhniú ina leith.

Meamram Tuisceana sínithe ag Údarás na Gaeltachta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall: Shínigh Údarás na Gaeltachta agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) Meamram Tuisceana in 2022 chun caidreamh a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe don dá eagraíocht, don chontae agus do réigiún an Iarthuaiscirt.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe: Cuireadh maoiniú reáchtála iomlán €927,960 ar fáil do 11 eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail sa réigiún lena gclár oibre forbartha pobail aontaithe a chur i gcrích dá réir.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta: Bhí 282 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall in 2022. Bhí 110 ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 121 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, agus 51 ar Scéim TÚS agus iad á mbainistiú ag 13 saoise.



755 post atá anois i nGaeltacht Chiarraí i gcliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta.

Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 142 post i gceantair Ghaeltachta Chiarraí le linn 2022. Nuair a chuirtear caillteanas post san áireamh, is méadú 83 post atá i gceist, méadú 13% ar fhostaíocht na bliana roimhe sin. 755 post atá anois i nGaeltacht Chiarraí i gcliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta. Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta 38 post do cheantair Ghaeltachta Chiarraí in 2022.

Pleanáil Teanga: Tá dhá Limistéar Pleanála Teanga i nGaeltacht Chiarraí, Ciarraí Thiar agus Ciarraí Theas, agus Baile Seirbhíse Gaeltachta amháin, Daingean Uí Chúis. Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú agus triúr Oifigeach Pleanála Teanga chomh maith le hOifigeach Cúnta sna ceantair sin le hinfheistíocht bhliantúil de €350,000.

Tá plean teanga Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Dhaignean Uí Chúis á chur i bhfeidhm agus is díol suntais rannpháirtíocht an phobail agus an lucht gnó áitiúil sa phlean. Tá gnóthaí ag glacadh go fonnmhar le comharthaíocht as Gaeilge nó go dátheangach, ag cur amach ábhair as Gaeilge i leabhráin agus ar na meáin shóisialta agus ag gríosadh na hearnála fáilteachais le Gaeilge a úsáid leis an bpobal. Bhuaigh gnólaigh an Daingin 54 gradam gnó i gcomórtas Ghlór na nGael i mbliana. Tá obair déanta i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar i gcomhar le Dúchas an Daingin chun feiceálacht na Gaeilge a chur chun cinn trí chomharthaíocht a chur ar fáil. Bhí rath ar thograí do dhéagóirí, ar nós an Chlub Teic, Chumann na nÓg, agus an mhionchoiste Gaeilge.

D'éagraigh Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas grúpa tuismitheoirí a bhuaileann le chéile uair sa mhí. Ghlac 27 tuismitheoir ar bheagán Gaeilge páirt i gcomórtas Duolingo i mbliana, slí nuálaíoch chun Gaeilge a fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Limistéar seo chun dul i ngleic leis na dúshláin pleanála teanga a eascraíonn as an tslí a bhfuil teorainneacha na Gaeltachta leagtha amach sa cheantar. Cuireadh coiste nua ar an bhfód, Nascadh Uíbh Ráthaigh, chun iarracht a dhéanamh agus fuair siad maoiniú chun plean teanga a dhréachtú don chuid sin den cheantar nach bhfuil sa nGaeltacht. Beidh LPT Chiarraí Theas ag obair go dlúth le Nascadh Uíbh Ráthaigh agus le coiste Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Chathair Saidhbhín d'fhonn tacú le hiarrachtaí pleanála teanga sa gceantar trí chéile.



gteic - Gréasán digiteach na Gaeltachta: In 2022 a rinneadh an oscailt oifigiúil ar gteic na Dromada. Tá cead pleanála faighte do fhoirgneamh gteic nua i mBaile an Sceilg. Beidh tús á chur leis an obair thógála go luath in 2023.

An Ghaeltacht Ghlas: Tá eilimintí de theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite insealbhaite i bhfoirgnimh an Údaráis sa Daingean agus i mBéal Átha an Ghaorthaidh: pointí luchtaithe cairr; botháin fothana do rothair; painéil ghréine; córas glasála rochtana agus trealamh IT. Tá iarratas curtha faoi bhráid Chomhairle Contae Chiarraí chun an méid painéal gréine atá sna hoifigí sa Daingean a mhéadú le súil agus go mbeidh an foirgneamh neamhspleách ó thaobh fuinnimh de.

Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus na bhfógraí suntasacha déanta i nGaeltacht Chiarraí i rith na bliana:

Lárionad Forbartha Bhaile an Fheirtéaraigh: Tá iarratas pleanála á réiteach don togra seo ina mbeidh áiseanna pobail, oideachais, turasóireachta agus spóirt.

Teach Damhsa: Tá cead pleanála faighte agus maoiniú caipitil ceadaithe chun athchóiriú a dhéanamh ar mhonarcha na Glaise Bige i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, Ciarraí, don gchomhlacht Teach Damhsa. Tá súil go mbeidh an obair thógála críochnaithe go luath in 2023. An Teach Bán & An tSeamróg: Bhí dhá cliantchomhlacht de chuid an Údaráis sa Teach Bán mar chuid d'imeachtaí Lá Fhéile Pádraig 2022. B'iad Sean Daly Designs Ltd. t/a Dingle Crystal, a rinne an babhla criostail inar bronnadh seamróg ar Uachtarán na Stát Aontaithe sa Teach Bán i Washington. Is i mBaile an Sceilg a fhasann I.P.I. Teoranta an tseamróg a seoladh sa mbabhla agus tá sé i gceist ag an gcomhlacht ionad cuairteoirí bunaithe ar oidhreacht na seamróige beo a fhorbairt sna tithe gloine i mBaile an Sceilg, ag tógaintáil ar an aitheantas atá bainte amach ag an ngnó thar na blianta ag soláthar seamróg dá chustaiméirí ar fud an domhain, Uachtarán Mheiriceá agus a réamhtheachtaithe san áireamh.



Bhí 695 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh 2022.

Gaeltacht Chorcaí

Bhí 695 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh 2022. Cruthaíodh 34 post nua i nGaeltacht Chorcaí ach de bharr leibhéal réasúnta ard caillteanas postanna, ba glanlaghdú de 16 post a bhí i gceantair Ghaeltachta an chontae. Bheadh súil tógáil ar an mborradh a bhí i roinnt earnálacha sainiúla ar nós earnáil na bia, na turasóireachta agus seirbhísí ríomhaireachta agus teicniúla amach anseo.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gCorcaigh: Tá athchóiriú déanta ar gteic@Béal Átha an Ghaorthaidh agus spás breise ann do 20 duine. Tá gteic@Cléire oscailte le spás do 14 duine agus é ag freastal ar mhuintir an oileáin chomh maith le ar thurasóirí agus lucht seoltóireachta.

Pleanáil Teanga: Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú sa dá Limistéar Pleanála Teanga i gContae Chorcaí, Múscaí agus Cléire, le infheistíocht de €200,000 sa bhliain. In Iúil 2022 a fostaíodh Oifigeach Pleanála Teanga Chléire. Ó shin, reáchtáladh Féile Lúnasa ina raibh suas le 34 imeacht Gaeilge; bunaíodh ranganna Gaeilge ag bunleibhéal agus ag meánleibhéal, cuireadh tús le nasc a chruthú leis an BSG áitiúil, sé sin cathair Chorcaí agus tá obair ar siúl i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus leis an mbunscoil. Tá tascfhórsa nuabhunaithe ar an oileán chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic le ceist easpa tithíochta. Chuaigh Oifigeach Pleanála Teanga nua i mbun oibre i Limistéar Pleanála Teanga Mhúscaí in 2022. Tá meascán d'imeachtaí ar siúl sa cheantar atá dírithe ar úsáid na Gaeilge.

Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus fógraí suntasacha déanta i nGaeltacht Chorcaí i rith na bliana:

Clár LEADER: Tháinig deireadh le Clár LEADER 2014-2020 agus leis an Clár idirthréimhseach 2021-2022 ag deireadh 2022. Is é an tÚdarás a bhí ag bainistiú an Clár LEADER i gceantar Mhúscaí le linn na dtréimhsí seo. Ceadaíodh cúnamh deontais de €77,739 do ghnóthaí Gaeltachta agus Coistí Pobail mar aon le cúnamh deontas de €26,587 do togra bia amháin faoin gclár Tionscnaimh Bia ó thús an Chláir. Sheol Comharchumann Forbartha Mhúscaí 'Plean Feidhme Turasóireachta Mhúscaí' do cheantar Gaeltachta Mhúscaí i mbliana le cúnamh deontas staidéar féidearthachta ón gClár LEADER.





Coláiste na Mumhan: Tá plan forbartha réitithe ag Coiste Forbartha Bhéal Átha an Ghaorthaidh CTR le cabhair deontas staidéar féidearthachta ón gClár LEADER chun frontair sóisialta a fhorbairt i sean-fhoirgneamh Choláiste na Mumhan. Tá sé i gceist larsmalann Athbheochan Teanga na Gaeilge a fhorbairt a bheidh dírithe ar oidhreacht agus stair an choláiste.

Comharchumann Chléire: Bhí bliain ghnóthach ag an gComharchumann in 2022, cé nach raibh an Coláiste Samhraidh oscailte. Cuireadh na tograí seo i gcrích: Aonad nua athchóirithe agus ullamh le ligint ar léas le Comhairle Contae Chorcaí mar Leabharlann Poiblí; Aonad 1 ath-thógtha agus á chur in oiriúint mar Ionad Turasóireachta d'Eispéireas na Carraige Aonair; gteic@ Cléire tógtha agus oscailte; cead planála á lorg chun tithe sóisialta a fhorbairt ar an oileán; Plean Teanga Chléire aontaithe agus á chur i bhfeidhm; athfhorbairt á dhéanamh ar an Ionad Athchúrsála; bád farantóireachta nua tagtha go Cléire.

Lárionad Forbartha Choláiste Iosagáin: Fostaíodh bainisteoir forbartha ghnó agus cuireadh bord nua seirbhísí forbartha gnó le chéile. Beidh a gcéad chruinniú ag an Coiste Comhairleach nua in Eanáir 2023. Tá cás gnó coimisiúnaithe agus curtha i gcrích ar an dtogra. Tá pleananna nua curtha le chéile chun dul i ngleic le fadhbanna struchtúrtha le cuid den fhoirgneamh agus iarratas planála curtha faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí.

Beidh súil go mbeidh fostaíocht d'ardchaighdeán do thart ar 175 duine faoin am go mbeidh an chéad chéim den fhorbairt seo faoi lán tseoil.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí

Pobalbhunaithe: Cuireadh maoiniú iomlán de €234,000 ar fáil do dhá eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2022.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta: Bhí 20 duine fostaithe ar an Scéim Shóisialta Tuaithe i nGaeltacht Chorcaigh.



177

Bhí 177 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh 2022.

Gaeltacht Phort Láirge

Ba bhliain dhearfach fhostaíochta dearfach í 2022 i nGaeltacht Phort Láirge agus cruthaíodh 23 post. Fiú le caillteanas postanna san áireamh, bhí glanmhéadú de 21 bpost sa gceantar. Bhain formhór na bpostanna nua le tionscail na teanga, leis an dogharshaothrú, agus leis an tionscail closamhairc, earnálacha a bhfeiceann Údarás na Gaeltachta tuilleadh deiseanna fáis iontu don cheantar. Bhí 177 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh 2022.

Pleanáil Teanga: Is é Comhlucht Forbartha na nDéise Teo an cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga do Limistéar Pleanála Teanga na nDéise. I measc na mbeart a cuireadh i gcrích i mbliana, bhí ranganna ióga agus ranganna aireachais do leanaí bunscoile. Cuireadh tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí le leanaí óga agus bunaíodh Fás sa Spás, ina raibh deis ag páistí glasraí a fhás. Eagraíodh comórtais scríbhneoireachta do pháistí le linn Sheachtain na Gaeilge. Cuireadh nuachtlitir le chéile a scaipeadh ar gach teaghlach sa Limistéar Pleanála Teanga agus cuireadh leabhrán eolais le chéile a léiríonn spriocanna an Phlean Teanga.

Tithíocht Inacmhainne: Tá sé mar sprioc ag Comhlucht Forbartha na nDéise scéim tithíochta inacmhainne a fhorbairt chun tithe a chur ar fáil ar phraghas réasúnta don phobal áitiúil agus chun inbhuanaitheacht na Gaeltachta mar eintiteas teanga a threisiú. Tá suíomh aitheanta i mBaile na nGall sa Rinn atá faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta.

Tá obair déanta ar mheicníocht a chur le chéile i gcomhar le geallsealbhóirí chun an togra tithíochta inacmhainne a fhorbairt, a bheadh ar fáil do phobal labhartha na Gaeilge. Táthar ag súil go mbeidh fógraí léirithe spéise don suíomh i mBaile na nGall á lorg go luath.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí

Pobalbhunaithe: Cuireadh maoiniú iomlán de €98,190 ar fáil d'eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail in 2022.





Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie

Phone: 091-503100
Email: eolas@udaras.ie

